Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2025/5345

13.10.2025

**Ordú Uachtarán na Cúirte Ginearálta an 7 Lúnasa 2025 – JA v EUSPA**

**(Cás T-280/25 R)**

***(Bearta eatramhacha – Soláthar poiblí – Iontráil i mbunachar sonraí an Chórais Luathbhraite agus Eisiaimh (EDES) – Iarratas ar fhaoiseamh eatramhach – Easpa práinne)***

(C/2025/5345)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

**Páirtithe**

*Iarratasóir:* JA (ionadaithe: M. Chomé, G. Ryelandt agus H. Verschueren, Dlíodóirí)

*Cosantóir:* Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (ionadaithe: E. Villa, Gníomhaire, le cúnamh ó P. Briza agus T. Hokr, Dlíodóirí)

**Ábhar**

Lena chaingean de bhun Airteagail 278 agus 279 CFAE, iarrann an t-iarratasóir, ar an gcéad dul síos, go ndéanfaí Airteagal 4 de Chinneadh Uimh. 310882/2025 ó EUSPA an 21 Feabhra 2025 lena n-iarrtar [*faoi rún*] a eisiamh ó na nósanna imeachta tairisceana a rialaítear le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 agus ón roghnúchán maidir le cur chun feidhme chistí an Aontais agus le pionós airgeadais a fhorchur a chur ar fionraí, a mhéid a bhaineann an fhoráil sin leis agus, ar an dara dul síos, go n-ordófaí do EUSPA scor d'fhaisnéis a bhailiú, go hinmheánach nó ó thríú páirtithe araon, a bhaineann le comhar idir cuideachtaí ina bhfuil cumhacht ionadaíochta, chinnteoireachta nó mhaoirseachta aige agus cuideachtaí eile, cibé acu a chomhoibríonn siad nó nach gcomhoibríonn siad le EUSPA.

**An chuid oibríochtúil**

1) Diúltaítear don iarratas ar bhearta eatramhacha.

2) Déantar Ordú an 2 Bealtaine 2025, JA v EUSPA (T-280/25 R) a chur ar ceal.

3) Déantar na costais a fhorchoimeád.